# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE


An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com



**22ú Feabhra 2026**
**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**


**AIFRINN NA SEACHTAINE**
**21.02** Satharn 7.00
John (Jimmy) McGinley agus a bheirt mhac Jimmy agus Denis, Inis Bo Finne/Machaire Rabhartaigh
**22.02** Domhnach 9 r.n.
**22.02** Domhnach 11 r.n.
**23.02** Luan 7 i.n.
**24.02** Máirt 10 r.n.
**25.02** Céadaoin 7 i.n.
Michael agus Mary McGarvey, Falkirk
**26.02** Déardaoin 7 i.n.
**27.02** Aoine 7 i.n.
Jamie Ó Duibhir, An Bhealtaine
**28/02** Satharn 2 i.n. - Baisteadh
**28/02** Satharn 7 i.n.
Cait Mhic Pháidín, An Ardaí Bheag
**01/03** Domhnach 9 r.n.
**01/03** Domhnach 11 r.n.
Shaun Martin Mac Laifeartaigh, An Bhealtaine
**01/03** Domhnach 1.00 - Baisteadh

**BÁS LE GAIRID**
Éamonn Ó Dubhchon, Mín Lárach
Kitty Saunders
Phil Ward, Árainn Mhór/Londain
Catherine Monagle, Glaschú, iníon de Catherine O'Brien, Mín Charraic
Teresa Gallagher,Gort a' Choirce/Glaschú
**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
Andy Coyle, An Mhín Charraic

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan seachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**CRUINNIÚ AIRGID** Tógadh €1,535 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -** Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ -** Dé Máirt 7.00 i.n.
**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE -** Dé Domhnaigh 7.00 i.n

## AN CHÉAD DOMHNACH DEN CHORGHAS

**AN CHÉAD LÉACHT**
**Sliocht as leabhar Genesis. 2:7-9, 3:1-7.**

Chum an Tiarna Dia an duine de chré na talún agus shéid ina shrón anáil na beatha; ar an dóigh sin rinne sé anam beo den duine. Chuir sé garraí i Éden agus chuir ann an duine a chruthaigh sé. Chuir an Tiarna Dia ag fás aníos as an talamh gach cinéal crainn, deas le amharc ortha agus maith le hithe agus i lár angharraí bhí crann na beatha agus crann fhios na maitheasa agus an oilc.

Ba ghlice an nathair nimhe ná aon ainmhí allta dá ndearna an Tiarna Dia, agus dúirt sí leis an bhean: 'Ár dhúirt Dia libh gan ithe de thoradh aon chrainn sa gharraí?' Dúirt an bhean leis an nathair nimhe: 'Tá cead againn toradh na gcrann sa gharraí a ithe; ach i dtaobh an chrainn i lár an gharraí, duirt Dia mar gheall ar; "ná hithigí é agus ná bainigí leis le heagla go bhfaidheagh sibh bás."' Agus dúirt an nathair nimhe leis an bhean: 'Ní bhfaighidh sibh bás, ni bhfaighidh sin! Óir tá fhios ag Dia an lá a íosfaidh sibh dá thoradh go n-osclófar bhur súile agus go mbeidh sibh cosúil le deithe agus go mbeidh fios na maitheasa agus an oilc agaibh.' Chonaic an bhean go raibh toradh an chrainn maith le hithe, taitneamhach don tsúil agus oiriúnach-siocar an eolais a thiocfadh leis a thabhairt. Thóg sí, dá bhrí sin, cuid dá thoradh agus d'ith é; thug sí cuid de comh maith dá fear a bhí ina cuideachta, agus d'ith sé é. Ansin fosclaíodh a súile agus chonaic siad go raibh siad tarnochta agus d'fhíodar duilleoga fige lena chéile agus rinne brait íochtair daofa féin.

Briathar an Tiarna. **FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM:**
**Déan trócaire orainn, a Dhia, mar gur pheacaigh muid.**

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh. 5:12, 17-19,**

A bhráithre, tháinig an peaca isteach sa saol fríd aon duine amháin agus tháinig an bás isteach fríd an bpeaca; agus sa tslí sin spré an bás i measc an chine daonna uilig de bhrí gur pheacaigh an uile dhuine.

Anois mas rud é go dtug peaca an aon fhir amháin an bás i réim, is mó go mór sin a bheidh bua agus beatha - fríd an aon duine amháin Íosa Críost - acu sin a ghlacas le saibhreas na ngrásta agus le bronntanas na fíreantachta. Arís, faoi mar a tugadh daorbhreith an bháis ar an uile dhuine mar gheall ar choir aon duine amháin, ar an dóigh chéanna tugadh saorbhreith agus beatha don uile dhuine mar gheall ar dhea-ghníomh an aon duine amháin. Faoi mar a rinneadh peacaigh de mhórán trí easumhlaíocht an aon duine amháin, mar a gcréanna déanfar firéin de mhórán trí umhlaíocht an duine amháin.

Briathar an Tiarna. **FR. Buíochas do Dhia.**

**SOISCÉAL:**
**Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Maitiú. 4:1-11.**

San am sin threoraigh an Spiorad Íosa isteach san fhásach chun cathuithe an diabhail a sheasamh. Rinne sé troscadh ar feadh daichead lá agus daichead oíche, agus bhí ocras air ina dhiaidh sin. Tháinig an cathaitheoir chuige agua dúirt leis: "Más tú Mac Dé, abair leis na clocha seo a bheith ina n-arán." Ach dúirt sé á fhreagairt:
"Tá sé scríofa;
ní ar arán amháin a mhaireas an duine,
ach ar an uile fhocal a thagann as béal Dé."
Rug an diabhal leis ansin é isteach sa chathair naofa agus chuir ar bhinn an teampaill é agus dúirt leis: "Más tú Mac Dé, caith thú féin síos, óir tá sé scríofa;
go dtug sé ordú dá chuid aingil mar gheall ort
agus iompróidh siad ina lámha thú,
ar eagla go mbuailfeá do chos i n-éadan cloiche."

Dúirt Íosa leis: "Tá sé scríofa fosta;
ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia."

Rug an diabhal leis arís é suas ar shliabh an-ard agus thaispeáin do ríochtaí an domhain go h-uile agus a nglóir agus dúirt leis: "Bhéarfaidh mé iad seo uilig duit má shléachtann tú damh agus mé d'adhradh." Dúirt Íosa leis ansin: "Imigh leat, a Shátan! óir tá sé scríofa;
bhéarfaidh tú adhradh don Tiarna do Dhia,
agus is dó-san amháin a dhéanfas tú seirbhís."
Ansin d'fhág an diabhal é, agus tháinig na hAingil chuige agus rinne siad freastal air.
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an chúig a chlog Dé Céadaoine.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30 i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30 i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00 i.n.
Bollaí (bowls) Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
Dé Sathairn 28/02 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 01/03 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
Dé Domhnaigh 01/03 @ 11.00: Orlaith Beatty, Ciara Ní Fhearraí & Jenna Nic Fhionnlaoich

Dé Sathairn 07/03 @ 7.00:
Dé Domhnaigh 08/03 @ 9.00: Cathal, Peadar, Caitríona Ní hArlaigh
Dé Domhnaigh 08/03 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**FOLÚNTAS**
Tá folúntas faoi láthair d'oibrí ginearálta ar an Scéim Shóisialta Tuaithe i gceantar Chloich Cheannfhaola. Lé bheith rannpháirteach sa scéim caithfidh tú na rialacha maidir leis an Scéim Shóisialta Tuaithe atá leagtha síos ag an Roinn Choimirce Sóisialaí a chomhlíonadh. Má tá suim agat dean teagmháil lé Seosamh ar 0871605930, roimh mhéanlae, An hAoine 27ú Feabhra 2026.

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto: Baineadh an póta óir! Comhghairdeachas le Rose Finnegan a bhain €3,800 B'iad :2,3,6,12,17,18 na huimhreacha. Póta óir anois: €3,000

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luain**
Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
**Dé Máirt**
Club Spóirt agus Spraoi- Naíonán- Ranga 2 @ 5.00-6.1 5 i.n. Damhsa Líne @6.30-8 @ 6.30 Tosaitheoirí 7.15-8 i.n Feabhsaitheoirí €5 & Club Óige Críost Rí 8.15-10
**Dé Céadaoine**
Mná Phort Mhaise 10-12 r.n
**Déardaoin**
Aeróbaice Chathaoir 11-11.45 r.n
Ranganna tacaíochta Foghlama - Le clárú seol ríomhphoist chuig Sandra @tfchloichcheannfhaola@gmail.com 4-5 i.n.& 5-6 i.n.
Cardaí 7.30 i.n €5
*Bhain Bump Mullins, Gaillimh €144 ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 076924

**Medjugorje 31.03.2026**
Oilithreacht go Medjugorje Cáisc 2026. Márta 31ú @ 7 lá. Costas €899 le Treoraí Spioradalta Eolas ó Bheirní 087 935 3953
**Oilithreacht Cairde Mhuire Lourdes. 2026**
24ú Meitheamh ar feadh 5 óiche. €995 Óstan Padoue, as B.A.C. Treoraí Spioradaltá An Sagart Pádraig Ó Baoighill. Eolas ó Bheirní 087 935 3953

**CLG CHLOICH CHEANNFHAOLA**
**Oíche Bhronnta/Club Presentation Night**
Beidh oíche bhronnta an chlub ar siúl ar Dé Sathairn 21 Feabhra @ 6 i.n. in Óstán Loch Altan. Beidh sóláistí ar fáil agus beidh aíonna speisialta i láthair ar an oíche. Bígí linn le ceiliúradh a dhéanamh ar ár gcuid foirne faoi aois agus foirne sinsir!
**Gaelic 4 Mothers & Others**
Ar mhaith leatsa a bheith níos aclaí agus buaileadh le daoine úra? Achan Luan 8-9 i.n. Ionad Naomh Fionán, An Fál Carrach. €3
Cé: Mná thar 25 (Ní gá go mbeadh taithí acu)
*****Ballraíocht 2026/Membership 2026*****Bealaí le clárú/Registration Options:
1.Thig clárú mar bhall ar líne arwww.foireann.ie.
2.Íoslódáil aip úr an chlub ar Clubspot agus cláraigh ansin.https://clubs.clubforce.com/.../gaa-clg-chloich-cheann.../
Ní bheidh cead ach ag baill atá claraithe ar 31 Márta 2026 ticéidí a ordú do chluichí idirchontae craoibhe Dhún na nGall.
**Buíochas** le Blake McGarvey, Niall McGee, Cian McFadden agus Tomás Ó Raghallaigh a bhí amuigh ag díol lotto ag an deireadh seachtaine.
**Crannchur Míosúil -** Feabhra
€500 - Ciaran McFadden (Derryreel)
€100 - Paul Anthony McFadden, Denis Ferry, Cormac McGarvey, Jason McGee, Karen Sweeney
*****Lotto*****Uimhreacha na seachtaine 16,18,14,6,9,11! Bhí deichniúr ann le ceithre uimhir. Comhghairdeas le Sean Coll a bhaineann €100!!!
Tá €4,550 sa phota óir anois.

**POBAIL LE CHÉILE**
Cláraigh don chúrsa 'Bia Sláintiúil Déanta Éasca le Louise Ozbay. Baineann an cúrsa spraíúil seo le foghlaim cén dóigh béilí blasta cothaitheacha a dhéanamh ar níos lú airgid. Tá sé foirfe do achan aois agus cumas.
Dé Máirt 3 Marta 10.30 - 1.00. Garradh Cholmcille.
Spasanna teoranta. Cláraigh ar 0864557519.

**TEACHT LE CHÉILE DON PHOBAL SA tSEANSCOIL**
Cupán tae agus comhrá ar an Domhnach deireanach d'achan mhí ag toiseacht ar an Domhnach 22 Feabhra 11.30-1.00. Fáilte roimh achan duine.

Fograi BREISE

**Pobal Eascarrach**
Club Obair Bhaile - Achan Luan 3.30 i.n. - 4.30 i.n.
Ranganna Comhrá Gaeilge Bunleibhéil - achan Luan 11 r.n.-1 i.n.
Ranganna Comhrá Gaeilge Meán/Ardleibhéil - achan Luan 1.15 i.n. go 3.15 i.n.
Rang Bunleibhéil Gaeilge - Dé Céadaoine 7-9 i.n.
Damhsa Líne achan Déardaoin 10.30-12 i.n.
Dúchas na nDaoine - Dúlra, fás glasraí, comhrá agus craic - achan tSatharn 10-1 i.n.
- Cláraigh do ranganna ag pobaleas@gmail.com nó 074 9180571 / 085 8670762

**LÉITHEOIRÍ - Feabhra**
Dé Sathairn 7 i.n.Marie Uí Chearnaigh
Dé Domhnaigh 9 r.n. Nóra Nic Gearailt
Dé Domhnaigh 11 r.n.Neansaí Nic Géidigh
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Feabhra**
Dé Sathairn 7 i.n. Tom Feeney & Nóra Mhic Giolla Chomhaill
Dé Domhnaigh 9 r.n. Sinéad Ní Choilm @ Nóirín Nic Aoidh
Dé Domhnaigh 11 r.n.Méabha Uí Fhuaruisce & Bríd Mhic Eachmharcaigh.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**DÁTAÍ DON DIALANN**
25.04.26 - Cóineartú
23.05.26 - An Chéad Chomaoineach